TUAIRIM AN ABHCÓIDE GHINEARÁLTA
MEDINA
arna tabhairt an 5 Meitheamh 2025[1]

**Cás C-35/24 P**

**Dmitry Arkadievich Mazepin**
**v**

**Comhairle an Aontais Eorpaigh**

(Achomharc – Comhbheartas eachtrach agus slándála – Bearta sriantacha arna nglacadh i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin – Reo na gcistí – Ainm an achomharcóra a chur san áireamh i liostaí na ndaoine, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí lena mbaineann – Airteagal 2(1)(g) de Chinneadh 2014/145/CBES – Léiriú – An coincheap 'príomhdhuine gnó' – Iompar pearsanta sonrach maidir le tionchar ar Rialtas Chónaidhm na Rúise – An coincheap 'earnálacha eacnamaíocha lena soláthraítear foinse shuntasach ioncaim do Rialtas Chónaidhm na Rúise' – Pléadáil neamhdhleathachta)

## I. Réamhrá

1. Baineann an Tuairim seo le hachomharc arna thabhairt ag Dmitry Arkadievich Mazepin[2] lena n-iarrtar go gcuirfí breithiúnas an 8 Samhain 2023, *Mazepin* v *an Chomhairle* (T-282/22, EU:T:2023:701),[3] ar ceal. Leis an mbreithiúnas sin, dhíbh an Chúirt Ghinearálta an chaingean arna tabhairt ag an achomharcóir, ar bhonn Airteagal 263 CFAE, i gcoinne:

– Chinneadh (CBES) 2022/397 ón gComhairle an 9 Márta 2022 lena leasaítear Cinneadh 2014/145/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin (IO 2022 L 80, lch. 31), agus

– Rialachán (AE) 2022/396 ón gComhairle an 9 Márta 2022 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin (IO 2022 L 80, lch. 1),[4]

1 Teanga an cháis: an Béarla.

2 'An t-achomharcóir'.

3 'An breithiúnas atá faoi achomharc'.

4 Le chéile, 'na gníomhartha atá faoi cheist'.

sa mhéid a bhí ainm an achomharcóra ar na liostaí atá i gceangal leis na gníomhartha sin. Trí na gníomhartha sin, chuir Comhairle an Aontais Eorpaigh cosc ar an achomharcóir dul isteach i gcríocha na mBallstát nó idirthuras a dhéanamh tríothu agus reoigh sí a chistí agus a acmhainní eacnamaíocha uile sna críocha sin.

2. Tá an cás seo ar cheann de na chéad achomhairc a tugadh os comhair na Cúirte Breithiúnais maidir leis na bearta sriantacha a ghlac an Chomhairle in 2022 tar éis ionradh fhórsaí armtha Chónaidhm na Rúise ar an Úcráin.[5] Maidir leis an gcritéar a leagtar síos in Airteagal 1(1)(e) agus Airteagal 2(1)(g) de Chinneadh 2014/145/CBES,[6] arna leasú le Cinneadh (CBES) 2022/329,[7] agus in Airteagal 3(1)(g) de Rialachán (AE) Uimh. 269/2014,[8] arna leasú le Rialachán (AE) 2022/330,[9] tugtar leis an gcás seo an deis don Chúirt, ina suí di mar Mhór-Dhlísheomra, an léiriú ar an gcritéar sin a shuí agus scrúdú a dhéanamh ar dhlíthiúlacht an chritéir sin. Déantar foráil leis an gcritéar sin, dá ngairtear 'critéar (g)' i gcoitinne, maidir leis an liostú príomhdhaoine gnó atá rannpháirteach in earnálacha eacnamaíocha lena soláthraítear foinse shuntasach ioncaim do Rialtas Chónaidhm na Rúise.

3. Áitíonn an t-achomharcóir, *inter alia*, go ndearna an Chúirt Ghinearálta léiriú mícheart ar Airteagal 2(1)(g) de Chinneadh 2014/145, arna leasú,[10] trína chinneadh, go bunúsach, nach gceanglaítear ar an gComhairle le comhlíonadh an chritéir atá ann aon iompar nó rannchuidiú sonrach ar thaobh an duine liostaithe a léiriú, go háirithe maidir le tionchar ar Rialtas Chónaidhm na Rúise, ná nasc a bhunú le réimeas na tíre sin. Ina theannta sin, áitíonn sé, dá measfaí go bhfuil léiriú na Cúirte Ginearálta ar Airteagal 2(1)(g) de Chinneadh 2014/145, arna leasú, ceart, ba cheart don Chúirt Ghinearálta a dhearbhú go bhfuil an fhoráil sin neamhdhleathach ar bhonn na pléadála neamhdhleathachta a ardaíodh ag an gcéad chéim faoi Airteagal 277 CFAE.

4. Baineann an cás seo le Cás C-696/23 P, Cás C-704/23 P, Cás C-711/23 P agus Cás C-111/24 P, a eascraítear as na hachomhairc a thionscain Dmitry Alexandrovich Pumpyanskiy, Tigran Khudaverdyan, Viktor Filippovich Rashnikov agus German Khan faoi seach i gcoinne bhreithiúnais na Cúirte Ginearálta lena ndeimhnítear go gcuirtear a n-ainmneacha san áireamh i liostaí na ndaoine atá faoi réir bearta sriantacha faoi Airteagal 2(1)(g) de Chinneadh 2014/145, arna leasú. Tugtar na Tuairimí sna cásanna sin inniu freisin, ina ndíríonn mé ar na hábhair shonracha ar iarr an Chúirt Bhreithiúnais orm scrúdú a dhéanamh orthu maidir le léiriú ar an gcritéir liostaithe atá san fhoráil sin agus lena mbailíocht, go háirithe i bhfianaise na bpríomhargóintí coitianta arna gcur isteach ag na hachomharcóirí.

[5] Féach freisin breithiúnas an 13 Márta 2025, *Shuvalov* v *an Chomhairle* (C-271/24 P, EU:C:2025:180), agus mo Thuairimí in *Timchenko* v *an Chomhairle* (C-702/23 P, EU:C:2025:273) agus in *Timchenko* v *an Chomhairle* (C-703/23 P, EU:C:2025:274).

[6] Cinneadh ón gComhairle an 17 Márta 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin (IO 2014 L 78, lch. 16).

[7] Cinneadh ón gComhairle an 25 Feabhra 2022 lena leasaítear Cinneadh 2014/145 (IO 2022 L 50, lch. 1).

[8] Rialachán ón gComhairle an 17 Márta 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin (IO 2014 L 78, lch. 6).

[9] Rialachán ón gComhairle an 25 Feabhra 2022 lena leasaítear Rialachán Uimh. 269/2014 (IO 2022 L 51, lch. 1).

[10] Ar mhaithe le gontacht, ba cheart tagairtí don chritéar a leagtar síos in Airteagal 2(1)(g) de Chinneadh 2014/145, arna leasú, a thuiscint mar thagairtí freisin don chritéar a leagtar síos in Airteagal 1(1)(e) den Chinneadh sin agus in Airteagal 3(1)(g) de Rialachán Uimh. 269/2014, arna leasú. Féach míreanna 9 agus 11 den Tuairim seo.

## II. Fíorais agus nós imeachta

### *A. Cúlra na díospóide*

5. Tá cur síos ar chúlra na díospóide i míreanna 2 go 15 den bhreithiúnas atá faoi achomharc. Chun críocha na Tuairime seo, is féidir achoimre a dhéanamh ar an gcúlra sin trí thagairt do na fíorais seo a leanas nach bhfuil faoi dhíospóid.

6. Is duine gnó de náisiúntacht Rúiseach é an t-achomharcóir.

7. An 17 Márta 2014, ghlac Comhairle an Aontais Eorpaigh, ar bhonn Airteagal 29 CAE, Cinneadh 2014/145. Ar an dáta céanna, ghlac an Chomhairle, ag gníomhú di ar bhonn Airteagal 215(2) CFAE, Rialachán Uimh. 269/2014. Bhain an dá ghníomh le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.

8. An 25 Feabhra 2022, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2022/329 lena leasaítear Cinneadh 2014/145 agus Rialachán 2022/330 lena leasaítear Rialachán Uimh. 269/2014, lenar modhnaíodh, *inter alia*, na critéir ar dá réir a d'fhéadfadh daoine nádúrtha nó dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí a bheith faoi réir na mbeart sriantach atá i gceist.

9. Le hAirteagal 1(1)(e) de Chinneadh 2014/145, sa leagan arna leasú le Cinneadh 2022/329,[11] cuirtear cosc ar dhaoine nádúrtha a chomhlíonann critéar atá comhionann go substaintiúil leis an gcritéar a leagtar amach in Airteagal 2(1)(g) den Chinneadh sin dul isteach i gcríocha na mBallstát nó idirthuras a dhéanamh tríothu. Déantar foráil leis an bhforáil dheireanach sin, dá réir sin, maidir le reo cistí agus acmhainní eacnamaíocha, *inter alia*, daoine nádúrtha a chomhlíonann an critéar sin.

10. Go sonrach, léitear Airteagal 2(1)(g) de Chinneadh 2014/145, arna leasú, mar a leanas:

'1. Dhéanfaí na cistí, agus na hacmhainní eacnamaíocha uile, ar leis na daoine, na heintitis nó na comhlachtaí seo a leanas iad, nó atá faoina n-úinéireacht nó atá ina seilbh nó á rialú acu:

…

(g) príomhdhaoine gnó nó daoine, eintitis nó comhlachtaí dlítheanacha atá rannpháirteach in earnálacha eacnamaíocha lena soláthraítear foinse shuntasach ioncaim do Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine,

… a reo.'
[Aistriúchán neamhoifigiúil]

11. Le Rialachán Uimh. 269/2014, sa leagan arna leasú le Rialachán 2022/330,[12] ceanglaítear bearta a ghlacadh chun cistí a reo agus leagtar síos ann na rialacha mionsonraithe lena rialaítear an reo cistí sin i dtéarmaí atá comhionann, go bunúsach, leis na téarmaí a úsáidtear i gCinneadh 2014/145, arna leasú. Go bunúsach, atáirgtear Airteagal 2(1)(g) den Chinneadh sin le hAirteagal 3(1)(g) de Rialachán Uimh. 269/2014, arna leasú.

[11] 'Cinneadh 2014/145, arna leasú'.

[12] 'Rialachán Uimh. 269/2014, arna leasú'.

12. An 9 Márta 2022, i bhfianaise thromchúis na staide san Úcráin, ghlac an Chomhairle na gníomhartha atá faoi cheist. Cuireadh ainm an achomharcóra leis an liosta atá i gceangal le Cinneadh 2014/145, arna leasú, agus leis an liosta in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Uimh. 269/2014, arna leasú, ar na forais seo a leanas:

'Is é [an t-achomharcóir] úinéir agus príomhfheidhmeannach na cuideachta leasacháin mianraí, Uralchem. Monaróir Rúiseach is ea Uralchem Group a dhéanann raon leathan táirgí ceimiceacha, leasacháin mhianracha agus sailpítear amóinia san áireamh. De réir na cuideachta, is é an táirgeoir is mó níotráite amóiniam agus an dara táirgeoir is mó leasachán amóinia agus nítrigine sa Rúis. Dá bhrí sin, tá [an t-achomharcóir] rannpháirteach in earnálacha eacnamaíocha a thugann foinse shuntasach ioncaim do Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.

An 24 Feabhra 2022, tar éis chéimeanna tosaigh fhogha na Rúise faoin Úcráin, bhuail [an t-achomharcóir] agus 36 dhuine gnó eile leis an Uachtarán Vladimir Putin agus le comhaltaí eile de Rialtas na Rúise chun tionchar na mbeart a rinneadh tar éis smachtbhannaí an Iarthair a phlé. Ós rud é gur tugadh cuireadh dó freastal ar an gcruinniú seo, is léir gur comhalta é den ghrúpa is gaire do Vladimir Putin agus go bhfuil sé ag tacú le gníomhaíochtaí nó beartais, nó ag cur gníomhaíochtaí nó beartais chun feidhme, a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, mar aon leis an gcobhsaíocht agus slándáil san Úcráin, nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí nó beartais sin ar an méid sin. Léirítear leis sin freisin gur duine de na ceannairí gnó is mó é atá in earnálacha eacnamaíocha a thugann foinse shuntasach ioncaim do Rialtas na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.

I mí na Nollag 2021, d'athscríobh [an t-achomharcóir] a chuideachtaí a bhí lonnaithe sa Chipir, Uralchem Holding agus CI-Chemical Invest, a rialaíonn 'Uralchem', chuig dlínse na Rúise ag ceantar riaracháin speisialta ar Oileán Oktyabrsky i réigiún Kaliningrad.'

13. An 10 Márta 2022, d'fhoilsigh an Chomhairle fógra mar eolas do na daoine atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear sna gníomhartha atá faoi cheist in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* (IO 2022 C 114I, lch. 1).

14. An 21 Aibreán 2022, d'iarr an t-achomharcóir ar an gComhairle rochtain a thabhairt dó ar na doiciméid a bhí mar bhonn le glacadh na mbeart sriantach lena ndearnadh difear dó. Chomhlíon an Chomhairle an iarraidh sin an 28 Aibreán 2022.

### *B. An nós imeachta os comhair na Cúirte Ginearálta agus an breithiúnas atá faoi achomharc*

15. Trí iarratas a taisceadh i gClárlann na Cúirte Ginearálta an 18 Bealtaine 2022, thionscain an t-achomharcóir caingean le haghaigh neamhniú na ngníomhartha atá faoi cheist.

16. Mar thaca lena chaingean, d'ardaigh an t-achomharcóir ceithre shaincheist dlí, lena líomhnaítear, go bunúsach, ar an gcéad dul síos, sárú ar an gceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil agus ar an oibleagáid cúiseanna a shonrú, ar an dara dul síos, earráid fhollasach mheasúnaithe agus mainneachtain an dualgas cruthúnais a urscaoileadh, ar an tríú dul síos, mainneachtain prionsabal na comhréireachta a chomhlíonadh agus sárú ar chearta

bunúsacha agus, ar an gceathrú dul síos, mainneachtain prionsabal na córa comhionainne a chomhlíonadh. Le linn na n-imeachtaí, d'ardaigh an t-achomharcóir pléadáil neamhdhleathachta freisin faoi Airteagal 277 CFAE i gcoinne Airteagal 2(1)(g) de Chinneadh 2014/145, arna leasú.

17. Sa bhreithiúnas atá faoi achomharc, dhíbh an Chúirt Ghinearálta caingean an achomharcóra.

18. Sa chéad áit, maidir leis an léiriú ar Airteagal 2(1)(g) de Chinneadh 2014/145, arna leasú, mheas an Chúirt Ghinearálta gur tugadh le tuiscint leis an gcritéar atá ann coincheap an tionchair i ndáil le gníomhaíocht a fheidhmiú in earnálacha eacnamaíocha lena soláthraítear foinse shuntasach ioncaim do Rialtas Chónaidhm na Rúise, gan aon choinníoll breise a bhaineann le nasc le réimeas an Rialtais sin. I dtuairim na Cúirte Ginearálta, leis an gcritéar sin, d'fhéach an Chomhairle le leas a bhaint as an tionchar is dócha a imreoidh an chatagóir daoine lena mbaineann ar réimeas na Rúise, trína spreagadh chun brú a chur air athrú a dhéanamh ar a bheartas. Mar sin, níor mhór an coincheap 'príomhdhaoine gnó' a thuiscint mar thagairt do thábhacht na ndaoine sin i bhfianaise, *inter alia*, a stádais gairme, thábhacht a ngníomhaíochtaí eacnamaíocha, mhéid a sealúchas caipitil nó a bhfeidhmeanna laistigh de cheann amháin nó níos mó de na cuideachtaí ina saothraíonn siad na gníomhaíochtaí sin. [13]

19. De réir na Cúirte Ginearálta, tacaíodh leis an léiriú sin leis an bhfíoras gurbh é ba chuspóir do na bearta sriantacha atá faoi cheist costais na ngníomhaíochtaí chun an bonn a bhaint d'iomláine chríochach na hÚcráine a mhéadú. Thug an cuspóir sin le tuiscint freisin, tríd an nath 'lena soláthraítear foinse shuntasach ioncaim Rialtas Chónaidhm na Rúise', gurbh iad na hearnálacha eacnamaíocha seachas na daoine gnó dá dtagraítear. [14]

20. Sa dara háit, maidir le fiúntas na bhforas chun an t-achomharcóir a liostú a leagtar amach sna gníomhartha atá faoi cheist, mheas an Chúirt Ghinearálta go raibh an Chomhairle go hiomlán i dteideal teacht ar an gconclúid go raibh an t-achomharcóir ina phríomhdhuine gnó, nár dhíospóid sé agus a d'fhéadfaí a thuiscint freisin ó thábhacht eacnamaíoch na cuideachta, Uralchem, a raibh sé ina úinéir uirthi agus ina POF. [15] Ina theannta sin, shonraigh an Chúirt Ghinearálta gur thug an Chomhairle ar aird corpas fianaise atá sonrach, beacht agus comhsheasmhach go leor a d'fhéadfaí a léiriú go raibh an t-achomharcóir rannpháirteach in earnáil eacnamaíoch, eadhon an earnáil leasacháin, ar foinse shuntasach ioncaim í do Rialtas Chónaidhm na Rúise. [16]

21. Sa tríú háit, dhiúltaigh an Chúirt Ghinearálta do phléadáil an achomharcóra go raibh an critéar dá bhforáiltear in Airteagal 2(1)(g) de Chinneadh 2014/145, arna leasú, neamhdhleathach. [17] Maidir leis sin, thug an Chúirt Ghinearálta faoi deara nach mbunaítear leis an gcritéar sin toimhde go bhfuil nasc idir stádas príomhdhaoine gnó agus Rialtas Chónaidhm na Rúise. [18] Shonraigh sí freisin go bhfreagraítear leis an gcritéar sin do mhian na Comhairle brú a chur ar údaráis na Rúise deireadh a chur lena ngníomhaíochtaí agus lena mbeartais lena ndíchobhsaítear an Úcráin. [19] Thuig an Chúirt Ghinearálta as sin go bhfuil caidreamh réasúnach idir (i) díriú ar phríomhdhaoine gnó atá ag feidhmiú in earnálacha eacnamaíocha lena soláthraítear ioncam suntasach don Rialtas, i bhfianaise thábhacht na n-earnálacha sin do

[13] An breithiúnas atá faoi achomharc, mír 54.

[14] An breithiúnas atá faoi achomharc, mír 55 agus 56.

[15] An breithiúnas atá faoi achomharc, mír 59 agus mír 66.

[16] An breithiúnas atá faoi achomharc, mír 67 go mír 76.

[17] An breithiúnas atá faoi achomharc, mír 84 go mír 92.

[18] An breithiúnas atá faoi achomharc, mír 87.

[19] An breithiúnas atá faoi achomharc, mír 88 go mír 90.

gheilleagar na Rúise, agus (ii) cuspóir na mbeart sriantach sa chás seo, arb é atá ann brú a mhéadú ar Chónaidhm na Rúise agus costais a gníomhaíochtaí chun an bonn a bhaint d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine a mhéadú. [20]

## III. An t-ordú atá á lorg agus an nós imeachta os comhair na Cúirte Breithiúnais

22. Lena achomharc, a taisceadh leis an gCúirt Bhreithiúnais an 18 Eanáir 2024, iarrann an t-achomharcóir ar an gCúirt:

– an breithiúnas atá faoi achomharc a chur ar ceal;

– na gníomhartha atá faoi cheist a chur ar neamhní;

– mar mhalairt air sin, an cás a tharchur ar ais chuig an gCúirt Ghinearálta;

– a ordú don Chomhairle na costais a íoc.

23. Ina freagra a taisceadh an 29 Márta 2024, iarrann an Chomhairle ar an gCúirt Bhreithiúnais an t-achomharc a dhíbhe agus a ordú don achomharcóir na costais a íoc.

24. Le horduithe an 7 agus an 31 Bealtaine 2024, thug Uachtarán na Cúirte cead do Phoblacht na Seice agus don Choimisiún Eorpach idiragairt a dhéanamh chun tacú leis an ordú atá á lorg ag an gComhairle.

25. Tionóladh éisteacht an 11 Feabhra 2025, inar fhreagair an t-achomharcóir, an Chomhairle, Poblacht na Seice, Poblacht na Laitvia agus an Coimisiún na ceisteanna i gcomhair freagra ó bhéal a chuir an Chúirt Bhreithiúnais, go háirithe maidir leis an léiriú ar an nath 'leading businesspersons' ('príomhdhaoine gnó') in Airteagal 2(1)(g) de Chinneadh 2014/145, arna leasú.

## IV. Measúnú

26. Mar thaca lena achomharc, maíonn an t-achomharcóir cúig fhoras achomhairc, lena n-éilítear, go bunúsach:

– ar an gcéad dul síos, go ndearna an Chúirt Ghinearálta neamhaird ar raon feidhme a athbhreithnithe bhreithiúnaigh, go ndearna sí roinnt earráidí dlí agus go ndearna sí na fíorais a shaobhadh;

– ar an dara dul síos, go ndearna an Chúirt Ghinearálta earráid dlí agus Airteagal 2(1)(g) de Chinneadh 2014/145, arna leasú, á léiriú aici;

– ar an tríú dul síos, go ndearna an Chúirt Ghinearálta earráid nuair a dhíbh sí don phléadáil neamhdhleathachta a ardaíodh faoi Airteagal 277 CFAE i gcoinne Airteagal 2(1)(g) de Chinneadh 2014/145, arna leasú;

– ar an gceathrú dul síos, gur chuir an Chúirt Ghinearálta Airteagal 2(1)(g) de Chinneadh 2014/145, arna leasú, i bhfeidhm go mícheart maidir leis an achomharcóir agus gur sháraigh sí

[20] An breithiúnas atá faoi achomharc, mír 91.

ceanglais fhíor-riachtanacha nós imeachta agus an oibleagáid cúiseanna a lua faoi Airteagal 296 CFAE; agus

– ar an gcúigiú dul síos, gur sháraigh an Chúirt Ghinearálta ar phrionsabail ghinearálta dhlí an Aontais agus go ndearna sí léiriú mícheart orthu, go háirithe prionsabal na córa comhionainne agus an neamh-idirdhealaithe.

27. D'iarr an Chúirt Bhreithiúnais go ndéanfaí scrúdú ar na hargóintí sonracha maidir le léiriú ar Airteagal 2(1)(g) de Chinneadh 2014/145, arna leasú, a bhaineann go bunúsach leis an gceathrú cuid den chéad fhoras achomhairc, leis an dara foras achomhairc agus leis an gcéad chuid den tríú foras achomhairc. Thairis sin, d'iarr an Chúirt Bhreithiúnais go ndéanfaí anailís ar argóintí an achomharcóra maidir le díbhe na pléadála neamhdhleathachta a ardaíodh ag an gcéad chéim faoi Airteagal 277 CFAE. Tá na hargóintí sin le fáil sa dara cuid den tríú foras achomhairc. Díreoidh mo mheasúnú ar na príomh-shaincheisteanna sin, ar dhírigh na páirtithe a n-argóint ó bhéal orthu ag an éisteacht, mar a d'iarr an Chúirt.

## *A. An ceathrú cuid den chéad fhoras achomhairc, an dara foras achomhairc agus an chéad chuid den tríú foras achomhairc*

28. Leis an dara foras achomhairc agus leis an gcéad chuid den tríú foras achomhairc, a d'fhéadfaí scrúdú a dhéanamh orthu le chéile, áitíonn an t-achomharcóir go ndearna an Chúirt Ghinearálta léiriú mícheart ar an gcritéar atá in Airteagal 2(1)(g) de Chinneadh 2014/145, arna leasú. Go bunúsach, ní mó ná sásta atá sé leis an gCúirt Ghinearálta mar gheall gur chinn sí nach gceanglaítear leis an bhforáil sin ar an gComhairle aon iompar sonrach ar thaobh an duine liostaithe a léiriú, go háirithe maidir le tionchar ar Rialtas Chónaidhm na Rúise, ná aon nasc a bhunú le réimeas na tíre sin.

29. Mar is léir ó mhír 10 den Tuairim seo, déantar foráil le hAirteagal 2(1)(g) de Chinneadh 2014/145, arna leasú, maidir le reo na gcistí agus na n-acmhainní eacnamaíocha uile ar le 'príomhdhaoine gnó … atá rannpháirteach in earnálacha eacnamaíocha lena soláthraítear foinse shuntasach ioncaim do Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, nó atá faoina n-úinéireacht, atá ina seilbh nó á rialú acu'.

30. Roinneann an t-achomharcóir a phríomhghearán ina dhá shraith argóintí, arb é is cuspóir dóibh agóid a dhéanamh i gcoinne léiriú na Cúirte Ginearálta ar Airteagal 2(1)(g) de Chinneadh 2014/145, arna leasú, maidir leis an nath 'príomhdhaoine gnó' agus, ar an dara dul síos, maidir leis an nath 'rannpháirteach in earnálacha eacnamaíocha lena soláthraítear foinse shuntasach ioncaim do Rialtas Chónaidhm na Rúise'.

### *1. An léiriú ar an nath 'príomhdhaoine gnó'*

31. Sa chéad áit, maidir leis an gcoincheap 'príomhdhaoine gnó', áitíonn an t-achomharcóir gur cheart an téarma sin a thuiscint mar cheangal ar an duine lena mbaineann tionchar a imirt ar Rialtas Chónaidhm na Rúise. Ina thuairim, is léir ó roinnt leaganacha teanga d'Airteagal 2(1)(g) de Chinneadh 2014/145, arna leasú – mar atá i gcás an leagain Fraincise, ina n-úsáidtear an nath 'femmes et hommes d'affaires influents' – go gceanglaítear le cur i bhfeidhm na forála sin go mbeidh iompar tionchair ann i leith an rialtais sin nó go mbeidh nasc ann leis chun an tionchar sin a imirt.

32. Cuireann an Chomhairle i gcoinne na n-argóintí sin.

33. De réir cásdlí socair, agus foráil de dhlí an Aontais á léiriú, is gá machnamh a dhéanamh ní hamháin ar fhoclaíocht na forála sin, ach freisin ar a comhthéacs agus ar chuspóirí na rialacha ar cuid díobh í. Is amhlaidh atá, go háirithe, nuair nach ndéantar aon tagairt shainráite i dtéarmaí na forála de dhlí an Aontais lena mbaineann do dhlí na mBallstát chun a mbrí agus a raon feidhme a chinneadh, mar atá sa chás seo maidir le hAirteagal 2(1)(g) de Chinneadh 2014/145, arna leasú.[21]

34. Ar an gcéad dul síos, maidir leis an léiriú litriúil ar an nath 'príomhdhaoine gnó', is eol go coitianta go ndéantar tagairt leis an bhfocal 'duine gnó' do dhuine a oibríonn i ngnó, ar leibhéal feidhmiúcháin i gcuideachta de ghnáth. Ina theannta sin, déantar tagairt leis an bhfocal 'gnó' d'fheidhmiú gníomhaíochta eacnamaíche nó tráchtála. Mar sin, déantar tagairt leis an téarma 'daoine gnó' in Airteagal 2(1)(g) de Chinneadh 2014/145, arna leasú, do dhaoine a dhéanann gníomhaíocht eacnamaíoch nó tráchtála laistigh de chuideachta ar leo í nó a bhfuil post tábhachtach acu inti.[22]

35. Óna thaobh féin de, is aidiacht Béarla é an focal 'leading' ('príomh') a shainmhínítear [as Gaeilge] mar 'an-tábhachtach nó is tábhachtaí'.[23] A mhéid a leanann an nath 'príomhdhaoine gnó', in Airteagal 2(1)(g) de Chinneadh 2014/145, arna leasú, an nath 'atá rannpháirteach in earnálacha eacnamaíocha', ní mór an coincheap 'príomh' a thuiscint mar thagairt do thábhacht an duine gnó lena mbaineann san earnáil ina bhfeidhmíonn sé agus an tionchar a d'fhéadfadh a bheith aige laistigh den earnáil sin, arb é, go bunúsach, an cinneadh a rinne an Chúirt Ghinearálta i mír 54 den bhreithiúnas atá faoi achomharc. Thairis sin, mar a léirítear sa mhír sin, féadfar cineál 'príomh' duine gnó a shuí i bhfianaise, *inter alia*, a stádais gairme, thábhacht a ghníomhaíochtaí eacnamaíocha, mhéid a shealúchas caipitil nó a fheidhmeanna laistigh de cheann amháin nó níos mó de na cuideachtaí ina saothraíonn na gníomhaíochtaí sin. Ní dhéanann an t-achomharcóir agóid i gcoinne an chinnidh sin go sonrach ina achomharc.

36. Dá bhrí sin, ó thaobh litriúil de, ní dhearna an Chúirt Ghinearálta aon earráid trína chinneadh, go bunúsach, i mír 57 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, nach bhfuil sé d'oibleagáid ar an gComhairle dada a léiriú chun a shuí gur 'príomhdhuine gnó' é duine chun críoch Airteagal 2(1)(g) de Chinneadh 2014/145, arna leasú, is é sin go ndéanann an duine lena mbaineann gníomhaíocht eacnamaíoch nó tráchtála laistigh de chuideachta agus go meastar, i gcomhréir leis na heilimintí a ndéantar tuairisc orthu i mír 54 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, gur duine gnó an-tábhachtach nó an duine gnó is tábhachtaí é san earnáil eacnamaíoch ina n-oibríonn sé, amhail tionchar a imirt laistigh den earnáil sin.

37. Is fíor go gcáilítear le roinnt leaganacha teanga d'Airteagal 2(1)(g) de Chinneadh 2014/145, arna leasú, an t-ainmfhocal 'daoine gnó' le focal atá comhionann le 'influential' i mBéarla (ag a bhfuil tionchar), in ionad 'leading' (príomh). Maíonn an t-achomharcóir sin nach mór do na daoine gnó lena mbaineann an fhoráil sin a bheith in ann tionchar a imirt ní hamháin laistigh den earnáil eacnamaíoch ina n-oibríonn siad, ach go sonrach ar Rialtas Chónaidhm na Rúise féin.

[21] Breithiúnas an 20 Márta 2025, *DL* (C-61/24, EU:C:2025:197, mír 38 agus an cásdlí a luaitear).

[22] Féach, maidir leis sin, an sainmhíniú a tugadh in *Cambridge Dictionary*; atá ar fáil ag: https://dictionary.cambridge.org/dictionary/english/businessperson.

[23] Féach, *inter alia*, an sainmhíniú a tugadh in *Cambridge Dictionary*; atá ar fáil ag: https://dictionary.cambridge.org/dictionary/learner-english/leading.

38. Maidir leis sin, áfach, tugaim chun cuimhne, de réir chásdlí socair na Cúirte Breithiúnais, nach féidir an fhoclaíocht a úsáidtear i leagan teanga amháin nó i roinnt leaganacha teanga d'fhoráil de dhlí an Aontais a bheith mar bhonn aonair don léiriú ar an bhforáil sin. Ní mór léiriú a dhéanamh ar fhorálacha de dhlí an Aontais agus iad a chur i bhfeidhm go haonfhoirmeach i bhfianaise na leaganacha a leagtar amach i dteangacha uile an Aontais Eorpaigh. [24]

39. Sa chás seo, tugaim faoi deara, i gcomhréir leis na mínithe a thug an Chomhairle ag an éisteacht, go gcáilítear le 12 leagan teanga d'Airteagal 2(1)(g) de Chinneadh 2014/145, arna leasú, go bunúsach an t-ainmfhocal 'daoine gnó' le focal atá comhionann le 'leading' (príomh) i mBéarla. [25] Chomh maith leis na leaganacha sin, baineann cuid eile acu úsáid as focal a d'fhéadfaí a aistriú mar 'prominent' (mór le rá) nó 'principal' (príomha) i mBéarla, atá ag teacht leis an bhfocal 'leading' (príomh-), ó thaobh séimeantach de. [26] Mar sin, tá na breithnithe a chuirtear chun cinn i mír 35 den Tuairim seo, maidir le léiriú ar an nath 'leading businesspersons' (príomhdhaoine gnó) i mBéarla, infheidhme go hiomlán maidir leis na leaganacha sin uile.

40. Os a choinne sin, is iad na leaganacha teangacha Fraincise, Laitvise agus Liotuáinise amháin lena gcáilítear an t-ainmfhocal 'daoine gnó' in Airteagal 2(1)(g) de Chinneadh 2014/145, arna leasú, le haidiacht a d'aistreofaí i mBéarla mar 'influential' (ag a bhfuil tionchar). É sin ráite, fiú sna teangacha sin, tá an caighdeán a bhaineann le bheith 'important' (tábhachtach) ar cheann de na príomhbhríonna a bhaineann le 'influential' (ag a bhfuil tionchar). [27] Dá bhrí sin, chun léiriú agus cur i bhfeidhm aonfhoirmeach Airteagal 2(1)(g) de Chinneadh 2014/145, arna leasú, mar a cheanglaítear leis an gcásdlí a luaitear i mír 38 thuas, a áirithiú, ba cheart léiriú a dhéanamh ar na leaganacha Fraincise, Laitvise agus Liotuáinise den nath 'leading businesspersons' (príomhdhaoine gnó) ar an mbealach céanna le formhór na leaganacha teanga den fhoráil sin, eadhon mar thagairt do thábhacht an duine gnó lena mbaineann san earnáil eacnamaíoch ina bhfuil sé rannpháirteach agus ina bhfuil sé in ann tionchar a imirt.

41. Eascraíonn sé as na breithnithe thuas, ó thaobh litriúil de, nach bhfuil bunús maith le hargóint an achomharcóra go gceanglaítear leis an nath 'leading businesspersons' (príomhdhaoine gnó), mar atá sé in Airteagal 2(1)(g) de Chinneadh 2014/145, arna leasú, ar an gComhairle iompar sonrach an duine liostaithe a léiriú, go háirithe maidir le tionchar ar Rialtas Chónaidhm na Rúise, nó nasc a bhunú le réimeas na tíre sin.

42. Ar an dara dul síos, maidir leis an léiriú comhthéacsúil, ba mhaith liom a thabhairt chun cuimhne, ag an tús, gur tugadh isteach den chéad uair le Cinneadh 2022/329 an critéar liostaithe lena ndírítear ar 'leading businesspersons' (phríomhdhaoine gnó), dá bhforáiltear in Airteagal 2(1)(g) de Chinneadh 2014/145, arna leasú. Glacadh an cinneadh deireanach sin an 25 Feabhra 2022, is é sin, an lá tar éis d'Uachtarán Chónaidhm na Rúise oibríocht mhíleata a fhógairt san Úcráin agus tar éis d'fhórsaí armtha na Rúise tús a chur le hionsaí ar an tír sin. [28]

43. Thairis sin, tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara, sular leasaíodh é le Cinneadh 2022/329, go raibh critéar liostaithe in Airteagal 2(1) de Chinneadh 2014/145 cheana féin lenar féidir, go bunúsach, díriú ar dhaoine a d'fhéadfadh tionchar aonair a imirt ar Rialtas Chónaidhm na Rúise.

[24] Féach breithiúnas an 28 Samhain 2024, *Másdi* (C-169/23, EU:C:2024:988, mír 42 agus an cásdlí a luaitear).

[25] Féach na leaganacha teangacha Bulgáirise, Seicise, Gearmáinise, Eastóinise, Cróitise, Iodáilise, Ungáirise, Polainnise, Slóvaicise, Slóivéinise, Fionlainnise agus Sualainnise d'Airteagal 2(1)(g) de Chinneadh 2014/145, arna leasú.

[26] Féach na leaganacha teangacha Ollainnise, Portaingéilise, Spáinnise, Gaeilge agus Rómáinise den Airteagal 2(1)(g) de Chinneadh 2014/145, arna leasú.

[27] Féach, *inter alia*, an sainmhíniú a tugadh in LeRobert; atá ar fáil ag: https://dictionnaire.lerobert.com/definition/influent.

[28] Féach aithris 9 de Chinneadh 2022/329.

B'amhlaidh a bhí, go háirithe, i gcás Airteagal 2(1)(d) de Chinneadh 2014/145, ina ndearnadh tagairt go bunúsach do dhaoine nádúrtha atá ag tacú go gníomhach, go hábhartha nó ó thaobh an airgeadais de, le cinnteoirí Rúiseacha, nó a bhaineann tairbhe astu, atá freagrach as an mbonn a bhaint d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na cinnteoirí sin ar an méid sin. Fanadh an critéar sin i gCinneadh 2014/145, arna leasú, a thugtar le fios dom go mbeadh léiriú ar Airteagal 2(1)(g) de mar rud lena gceanglaítear cruthúnas ar iompar tionchair i leith Rialtas Chónaidhm na Rúise agus nasc leis an réimeas lena rialaítear an tír sin, mar a áitíonn an t-achomharcóir, iomarcach agus, mar sin, nach mbeadh sé comhsheasmhach ó thaobh an chomhthéacs de.

44. I mo thuairim féin, mar sin, agus gan dochar do na breithnithe breise a leagfaidh mé amach níos déanaí sa Tuairim seo, ní mheasaim go dtacaítear le hargóint an achomharcóra leis an léiriú comhthéacsúil ar Airteagal 2(1)(g) de Chinneadh 2014/145, arna leasú.

45. Ar an tríú dul síos, maidir leis an léiriú teileolaíoch, tá Airteagal 2(1)(g) de Chinneadh 2014/145, arna leasú, mar chuid de chreat dlíthiúil lenar achtaíodh sraith beart sriantach nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo arb é is cuspóir dóibh, mar a thug an Chúirt Ghinearálta chun cuimhne i gceart i mír 55 agus mír 89 den bhreithiúnas atá faoi achomharc,[29] an brú is mó is féidir a chur ar Chónaidhm na Rúise trí chostais a gníomhaíochtaí a mhéadú chun an bonn a bhaint d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine sin.

46. Go deimhin, is iad sin cuspóirí na mbeart sriantach arna nglacadh i gcoinne na Rúise mar a beartaíodh iad, go bunúsach, i mbreithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 25 Meitheamh 2020, *VTB Bank* v *an Chomhairle* (C-729/18 P, EU:C:2020:499, mír 59),[30] ina luaitear freisin breithiúnas an 28 Márta 2017, *Rosneft* (C-72/15, EU:C:2017:236, mír 123).[31] Bhain an dá bhreithiúnas le léiriú ar na bearta sriantacha earnálacha a glacadh i bhfianaise na ngníomhaíochtaí i ndíchobhsú staid na hÚcráine, a thángthas roimh an ionsaí a rinne fórsaí armtha na Rúise ar an tír sin an 24 Feabhra 2022.[32] Mar sin féin, murab ionann agus argóintí an iarratasóra, tá na cuspóirí a shainaithin an Chúirt Bhreithiúnais sna breithiúnais sin fós bailí maidir leis an léiriú ar na bearta sriantacha aonair atá faoi cheist sa chás seo, agus é á chur san áireamh gur glacadh bearta sriantacha earnálacha agus bearta sriantacha aonair araon faoi chuimsiú comhfhreagartha ar staid atá imithe in olcas fós ó tharla an t-ionsaí sin, mar a shonraítear go sainráite in aithrisí 10 agus 11 de Chinneadh 2022/329, lena leasaítear Cinneadh 2014/145.[33]

[29] Ba mhaith liom a thug faoi deara go hachomair go bhfuil na torthaí a rinne an Chúirt Ghinearálta i mír 89 go mír 91 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, maidir leis na cuspóirí a shaothraítear leis na bearta sriantacha atá faoi cheist sa chás seo, mar chuid de mheasúnú na cúirte sin ar an bpléadáil neamhdhleathachta a d'ardaigh an t-achomharcóir ag an gcéad chéim faoi Airteagal 277 CFAE. Mar sin féin, tá siad i gcomhréir leis an toradh a rinne an Chúirt Ghinearálta i mír 54 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, agus measúnú á dhéanamh aici ar an léiriú ar Airteagal 2(1)(g) de Chinneadh 2014/145, arna leasú, lena gcumasaítear na torthaí sin uile a chur le chéile.

[30] Féach freisin breithiúnas an 17 Meán Fómhair 2020, *Rosneft agus páirtithe eile* v *an Chomhairle* (C-732/18 P, EU:C:2020:727, mír 85).

[31] Féach mo Thuairim in *Timchenko* v *an Chomhairle* (C-703/23 P, EU:C:2025:274, mír 52).

[32] Féach Cinneadh 2014/512/CBES ón gComhairle an 31 Iúil 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine (IO 2014 L 229, lch. 13), arna leasú, an Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 ón gComhairle an 31 Iúil 2014 a bhaineann le bearta i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú na hÚcráine (IO 2014 L 229, lch. 1).

[33] Ba cheart dom aird na Cúirte a tharraingt freisin ar aithris 2 agus aithris 4 de Chinneadh 2022/329, arna lua ag an gCúirt Ghinearálta i mír 89 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, ina ndearbhaítear go bhfuil an tAontas Eorpach fós 'diongbháilte agus tacaíocht á tabhairt aige do cheannasacht agus d'iomláine chríochach na hÚcráine' agus ina dtagraítear don ghá atá le bearta sriantacha breise a ghlacadh lena bhforchuirtear iarmhairtí ollmhóra tromchúiseacha ar an Rúis mar gheall ar a fogha míleata. Thairis sin, sonraítear in aithris 10 de Chinneadh 2022/329 [go n-áireofaí] i bhfreagairt an Aontais Eorpaigh 'bearta sriantacha earnálacha agus bearta sriantacha aonair araon' mar fhreagairt ar an 'ionradh ar an Úcráin a rinne fórsaí armtha de chuid Chónaidhm na Rúise'. Is léir ón ráiteas sin gur gnéithe iad an dá chineál beart sin atá fite fuaite ina chéile agus an cuspóir céanna á shaothrú acu.

47. I bhfianaise an mhéid sin, táim den tuairim, i gcomhréir le torthaí na Cúirte Ginearálta i mír 90 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, gur féidir coinne réasúnta a bheith leis, trí bhearta sriantacha a ghlacadh i leith na bpríomhdhaoine gnó a ndírítear orthu le hAirteagal 2(1)(g) de Chinneadh 2014/145, arna leasú, go n-uasmhéadófar an brú atá ar Rialtas Chónaidhm na Rúise éirí as an bhfogha míleata a thug sí ar chríoch na hÚcráine. Tar éis an méid sin uile, tá ról lárnach ag na príomhdhaoine gnó sin maidir le brabúsacht na n-earnálacha eacnamaíocha ina bhfuil siad rannpháirteach a choinneáil ar bun agus, ar deireadh, cuireann siad leis na hacmhainní airgeadais atá ar fáil do Rialtas Chónaidhm na Rúise chun a ghníomhaíochtaí agus a bheartais a shaothrú. Dá bharr sin, trí dhul i bhfeidhm ar ghníomhaíocht na bpríomhdhaoine gnó lena mbaineann, is dócha go gcuirfear leis na bearta sriantacha atá faoi cheist sa chás seo srian leis an ioncam a fhaigheann Rialtas Chónaidhm na Rúise ó earnálacha ábhartha a gheilleagair, rud a mhéadófar costas a ghníomhaíochtaí míleata agus a chuirfear teorainn lena chumas an bonn a bhaint d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine.

48. Dá bhrí sin, mar a thug an Chúirt Ghinearálta faoi deara i mír 91 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, tá gaolmhaireacht réasúnach idir, ar thaobh amháin, díriú ar phríomhdhaoine gnó atá rannpháirteach in earnálacha eacnamaíocha lena soláthraítear foinse shuntasach ioncaim do Rialtas Chónaidhm na Rúise agus, ar an taobh eile, cuspóir na mbeart sriantach atá sa chás seo. Murab ionann agus argóintí an achomharcóra, tá an ghaolmhaireacht sin ar marthain fiú in éagmais iompar sonrach ar thaobh an duine liostaithe, go háirithe maidir le tionchar atá aige ar Rialtas Chónaidhm na Rúise, nó in éagmais nasc idir an duine sin agus an réimeas lena rialaítear an tír sin.

49. Mar sin, leis an léiriú teileolaíoch ar Airteagal 2(1)(g) de Chinneadh 2014/145, arna leasú, ní gá athbhreithniú a dhéanamh ar an léiriú téacsúil agus comhthéacsúil ar an bhforáil sin, mar a leagtar amach i mír 36 agus mír 44 den Tuairim seo. I ndáiríre, tacaíonn sé leis an tuairim go gceanglaítear leis an nath 'leading businesspersons' (príomhdhaoine gnó) atá san fhoráil sin ar an gComhairle a léiriú nach ndéanann an duine lena mbaineann gníomhaíocht eacnamaíoch nó tráchtála laistigh de chuideachta, agus go meastar gur duine gnó an-tábhachtach ar a laghad é an duine sin san earnáil ina bhfuil sé rannpháirteach, agus mar sin go bhfuil sé in ann tionchar a imirt laistigh di.

50. I bhfianaise na mbreithnithe roimhe seo, ní cheanglaítear le haon cheann de na modhanna chun léiriú a dhéanamh a shainítear i gcásdlí na Cúirte Breithiúnais chun brí forála de dhlí an Aontais a fháil amach, mar a áitíonn an t-achomharcóir, go mbeadh iompar tionchair ag an duine a bhfuiltear ag díriú air i leith Rialtas Chónaidhm na Rúise ná nasc a bheith ann leis chun duine a aicmiú mar 'leading businessperson' (príomhdhuine gnó) chun críocha Airteagal 2(1)(g) de Chinneadh 2014/145, arna leasú.

51. Dá bharr sin, táim den tuairim nach féidir a rá go ndearna an Chúirt Ghinearálta earráid dlí agus léiriú á dhéanamh aici ar an nath 'leading businesspersons' (príomhdhaoine gnó) dá bhforáiltear in Airteagal 2(1)(g) de Chinneadh 2014/145, arna leasú.

52. Ba cheart diúltú don chéad sraith d'argóintí a d'ardaigh an t-achomharcóir.

*2. An léiriú ar an nath 'rannpháirteach in earnálacha eacnamaíocha lena soláthraítear foinse shuntasach ioncaim'*

53. Sa dara háit, áitíonn an t-achomharcóir go ndearna an Chúirt Ghinearálta earráid dlí agus í ag cinneadh nach mór léiriú a dhéanamh ar an nath 'lena soláthraítear foinse shuntasach ioncaim do Rialtas Chónaidhm na Rúise', mar a leagtar síos in Airteagal 2(1)(g) de Chinneadh 2014/145, arna

leasú, mar thagairt don nath 'rannpháirteach in earnálacha eacnamaíocha' san fhoráil sin seachas don nath 'príomhdhaoine gnó'. Áitíonn sé go bhfuil léiriú na Cúirte Ginearálta ag teacht salach ar léiriú na Cúirte Ginearálta nach amháin leis na leaganacha teanga éagsúla d'Airteagal 2(1)(g) de Chinneadh 2014/145, arna leasú, ach freisin le haithris 11 de Chinneadh 2022/329, lena léirítear go soiléir gur glacadh an critéar sin chun díriú ar dhaoine a sholáthraíonn foinse shuntasach ioncaim do Rialtas Chónaidhm na Rúise. De réir an achomharcóra, chiallófaí le haon léiriú eile nach mbeadh tábhacht ar bith ag baint le hiompar pearsanta an duine gnó lena mbaineann i leith Rialtas Chónaidhm na Rúise ná lena rannchuidiú leis chun é a liostú faoi Airteagal 2(1)(g) de Chinneadh 2014/145, arna leasú.

54. Díospóideann an Chomhairle na hargóintí sin.

55. Mar réamhbharúil, ba cheart dom a thabhairt chun cuimhne, i mír 56 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, gur mheas an Chúirt Ghinearálta, leis an nath 'lena soláthraítear foinse shuntasach ioncaim do Rialtas Chónaidhm na Rúise', mar a leagtar síos in Airteagal 2(1)(g) de Chinneadh 2014/145, arna leasú, gurb iad na hearnálacha eacnamaíocha a bhfuil baint ag na príomhdhaoine gnó leo, agus ní na daoine gnó iad féin, a dtagraítear dóibh. Ciallaíonn sé sin, chun an fhoráil sin a chur i bhfeidhm, nach gá don Chomhairle ach a chruthú go soláthraíonn na hearnálacha eacnamaíocha sin foinse shuntasach ioncaim do Rialtas Chónaidhm na Rúise; níl aon cheanglas breise ann iompar an duine lena mbaineann nó nasc idir an duine sin agus réimeas na Rúise a léiriú. Dar leis an gCúirt Ghinearálta, tá an léiriú sin comhsheasmhach leis na cuspóirí a shaothraítear leis na bearta sriantacha atá i gceist sa chás seo.

56. I bhfianaise an chásdlí a luaitear i mír 38 thuas, ba cheart dom a chur in iúl, ar dtús, go gcuireann foclaíocht fhormhór na leaganacha teanga d'Airteagal 2(1)(g) de Chinneadh 2014/145, arna leasú, i gcoinne argóint an achomharcóra.

57. Is é sin an cás leis an leagan Béarla, ina dtugtar le fios le hord na foclaíochta d'Airteagal 2(1)(g) de Chinneadh 2014/145, arna leasú', go ndearna an Chúirt Ghinearálta léiriú ceart ar an nath 'lena soláthraítear foinse shuntasach ioncaim' mar thagairt don nath 'rannpháirteach in earnálacha eacnamaíocha' díreach roimhe. Dá mba mhian leis an gComhairle a shonrú gurbh iad na príomhdhaoine gnó féin foinse an ioncaim sin, d'fhéadfadh sí go réasúnach ord an dá nath sin a thiontú thart chun é sin a léiriú go follasach, ós rud é nár cuireadh le cúis teanga cosc uirthi déanamh amhlaidh.

58. Thairis sin, le formhór na leaganacha teanga d'Airteagal 2(1)(g) de Chinneadh 2014/145, arna leasú, cuirtear isteach forainm coibhneasta idir na nathanna 'rannpháirteach in earnálacha eacnamaíocha' agus 'lena soláthraítear foinse shuntasach ioncaim do Rialtas Chónaidhm na Rúise'.[34] Sna cásanna sin, tá an nasc idir an dá ghné níos soiléire fós, toisc go dtagann an nath 'lena soláthraítear foinse shuntasach ioncaim do Rialtas Chónaidhm na Rúise' chun bheith ina fhochlásal den ghrúpa ainmfhoclach 'earnálacha eacnamaíocha'.

59. Ar aon nós, maidir leis na leaganacha sin a mhaíonn an t-achomharcóir a bheith débhríoch, tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara, ó thaobh an chomhthéacs de, a mhéid a nasctar le hAirteagal 2(1)(g) de Chinneadh 2014/145, arna leasú, an focal 'ioncaim' le rialtas náisiúnta mar thairbhí de, is é an léiriú is cruinne ar na téarmaí sin ná nach mór foinse an ioncaim sin a bheith

[34] Féach, go háirithe, na leaganacha teangacha Iodáilise, Gearmáinise, Ollainnise, Portaingéilise, Danmhairgise, Spáinnise, Eastóinise, Fionlainnise, Laitvise agus Slóvaicise d'Airteagal 2(1)(g) de Chinneadh 2014/145, arna leasú.

ina earnáil eacnamaíoch seachas ina dhuine aonair gnó. [35] Is é sin an ghnáth-thuiscint ó thaobh na maicreacnamaíochta de a mhéid a bhaineann le hairgeadas na Stát. Ina theannta sin, is léir, dá mbeadh sé beartaithe ag an gComhairle go dtiocfadh an fhoinse shuntasach ioncaim ó phríomhdhuine gnó, go mbeadh an nath 'rannpháirteach in earnálacha eacnamaíocha' iomarcach agus nach gcuirfí isteach é in Airteagal 2(1)(g) de Chinneadh 2014/145, arna leasú, ós rud é go bhfuil gach duine gnó, de réir sainmhínithe, rannpháirteach in earnáil eacnamaíoch, go díreach nó go hindíreach.

60. Thairis sin, feictear domsa go dtacaítear leis an léiriú comhthéacsúil sin leis an léiriú teileolaíoch ar Airteagal 2(1)(g) de Chinneadh 2014/145, arna leasú. Tar éis an mhéid sin uile, a mhéid is é is cuspóir do ghlacadh na mbeart sriantach, mar a míníodh cheana féin, [36] teorainn a chur leis na hacmhainní airgeadais atá ar fáil do Rialtas Chónaidhm na Rúise chun deireadh a chur lena bheartas díchobhsaithe agus fogha ar an Úcráin, is féidir an cuspóir sin a bhaint amach ar bhealach níos éifeachtaí tríd an ioncam a thagann ó earnáil eacnamaíoch iomlán a chreimeadh, seachas ón rannchuidiú aonair ó phríomhdhuine gnó.

61. Dá réir sin, ní dhearna an Chúirt Ghinearálta aon earráid, go háirithe i míreanna 56 agus 57 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, trína chinneadh, i bhfianaise chuspóir na mbeart sriantach atá faoi cheist sa chás seo, go raibh ar an bhfoinse shuntasach ioncaim do Rialtas Chónaidhm na Rúise teacht ó na hearnálacha ina raibh na príomhdhaoine gnó atá liostaithe rannpháirteach, agus ní ó na daoine gnó sin iad féin.

62. Maidir leis an gcuid eile, áitíonn an t-achomharcóir go bhfuil an léiriú roimhe seo ag teacht salach ar aithris 11 de Chinneadh 2022/329 lenar leasaíodh Cinneadh 2014/145, mar a tugadh faoi deara cheana féin, chun critéar nua a chur san áireamh faoi Airteagal 2(1)(g) de.

63. Maidir leis sin, tugaim faoi deara go sonraítear in aithris 11 de Chinneadh 2022/329, 'i bhfianaise thromchúis na staide, go measann an Chomhairle gur cheart na critéir ainmniúcháin a leasú chun … daoine agus eintitis a sholáthraíonn foinse shuntasach ioncaim do [Rialtas Chónaidhm na Rúise] a chur san áireamh'. I mo thuairim féin, ós rud é nach ndéantar tagairt leis an aithris sin do dhaoine amháin ach d'eintitis freisin, is léir nach féidir a thuiscint go ndéantar tagairt léi go heisiach do 'phríomhdhaoine gnó', ach nach mór í a léamh mar thagairt do choincheap níos leithne, eadhon earnáil eacnamaíoch iomlán, lena n-áirítear na daoine agus na heintitis uile a oibríonn inti.

64. Ina theannta sin, tá sé tábhachtach a thabhairt chun cuimhne, de réir chásdlí na Cúirte Breithiúnais, cé gur gnéithe tábhachtacha agus iad aithrisí ar ghníomh de chuid an Aontais chun críocha léirithe, lena bhféadfaí cuspóirí údar an ghnímh sin a shoiléiriú, nach bhfuil aon fheidhm dhlíthiúil cheangailteach ag na haithrisí sin agus nach féidir brath orthu mar fhoras chun maolú ar fhorálacha iarbhír an ghnímh atá i gceist nó chun léiriú a dhéanamh ar na forálacha sin ar bhealach atá contrártha go soiléir dá bhfoclaíocht. [37]

[35] Féach an sainmhíniú ar 'ioncam' a sholáthraítear in *Cambridge Dictionary*, lena ndéantar tagairt don ioncam a fhaigheann rialtas go rialta ó chánacha; atá ar fáil ag: https://dictionary.cambridge.org/dictionary/english/revenue.

[36] Féach mír 47 agus mír 48 den Tuairim seo.

[37] Féach, go háirithe, breithiúnas an 7 Márta 2024, *Roheline Kogukond agus páirtithe eile* (C-234/22, EU:C:2024:211, mír 70 agus an cásdlí a luaitear).

65. Sa chás seo, ós rud é go mbaintear tátal as na modhanna chun léiriú a dhéanamh a shainmhínítear i gcásdlí na Cúirte Breithiúnais chun brí forála de dhlí an Aontais a fháil amach nach mór an nath 'foinse shubstaintiúil ioncaim' a nascadh leis an nath 'rannpháirteach in earnálacha eacnamaíocha', agus ní leis an nath 'príomhdhaoine gnó', ní leor an t-ábhar féin in aithris 11 de Chinneadh 2022/329 chun amhras a chaitheamh ar an léiriú sin.

66. Ar deireadh, áitíonn an t-achomharcóir go gciallaíonn léiriú na Cúirte Ginearálta ar Airteagal 2(1)(g) de Chinneadh 2014/145, arna leasú, go háirithe maidir leis an nath 'foinse shuntasach ioncaim', nach bhfuil tábhacht ar bith ag baint le hiompar pearsanta ná le rannchuidiú pearsanta an duine gnó lena mbaineann. I ndáil leis sin, áfach, is leor a athdhearbhú go bhfuil an léiriú ar na heilimintí éagsúla den fhoráil sin in aghaidh go gceanglaítear ar an gComhairle a léiriú aon rud eile seachas go ndéanann an duine liostaithe gníomhaíocht eacnamaíoch nó tráchtála agus go meastar gur duine gnó an-tábhachtach ar a laghad é an duine sin san earnáil ina bhfuil sé rannpháirteach, agus, mar sin, go bhfuil sé in ann tionchar a imirt laistigh di.

67. I bhfianaise na mbreithnithe thuas, táim den tuairim nach féidir a rá go ndearna an Chúirt Ghinearálta earráid dlí trí léiriú a dhéanamh ar an nath 'lena soláthraítear foinse shuntasach ioncaim do Rialtas Chónaidhm na Rúise', mar a leagtar síos in Airteagal 2(1)(g) de Chinneadh 2014/145, arna leasú, ar an mbealach a líomhnaíonn an t-achomharcóir.

68. Mar sin, ba cheart diúltú don dara sraith d'argóintí a d'ardaigh an t-achomharcóir.

69. I bhfianaise na gconclúidí ar thángthas orthu i míreanna 52 agus 68 den Tuairim seo, ní mór an ceathrú cuid den chéad fhoras achomhairc, an dara foras achomhairc agus an chéad chuid den tríú foras achomhairc a dhíbhe.

### *B. An dara cuid den tríú foras achomhairc*

70. Leis an dara cuid den tríú foras achomhairc, ní mó ná sásta atá an t-achomharcóir leis an gCúirt Ghinearálta toisc gur dhíbh sí an phléadáil neamhdhleathachta a ardaíodh faoi Airteagal 277 CFAE i gcoinne Airteagal 2(1)(g) de Chinneadh 2014/145, arna leasú. Go bunúsach, áitíonn sé, dá ndéanfaí léiriú ar an critéar atá san fhoráil sin sa chaoi nach ndírítear leis ach ar aon duine gnó tábhachtach in earnáil ábhartha do gheilleagar na Rúise, gan aon oibleagáid iompar sonrach a léiriú i leith Rialtas Chónaidhm na Rúise, bheadh an critéar sin neamhdhleathach ós rud é nach mbeadh sé ag iarraidh tabhairt ar an duine sin athrú a dhéanamh ar a iompar, mar a cheanglaítear le cásdlí socair na Cúirte Breithiúnais. Áitíonn an t-achomharcóir go n-eascraíonn as léiriú na Cúirte Ginearálta ar Airteagal 2(1)(g) de Chinneadh 2014/145, arna leasú, cás ina ngearrtar pionós ar dhaoine as an sórt daoine ina bhfuil siad, agus ní i bhfianaise a ndéanann siad nó ar cheart dóibh a dhéanamh. Ar deireadh, maidir leis an gcás seo, caitheann sé amhras ar an gcaoi a bhfhéadfadh cur i bhfeidhm an chritéir atá san fhoráil sin difear a dhéanamh do Stát na Rúise ar bhealach ar bith.

71. Cuireann an Chomhairle i gcoinne na n-argóintí sin.

72. Faoi Airteagal 277 CFAE, d'fhéadfadh aon pháirtí, in imeachtaí ina bhfuil gníomh a bhfuil feidhm ghinearálta aige arna ghlacadh ag institiúid an Aontais Eorpaigh, na forais a phléadáil a shonraítear i mír 2 d'Airteagal 263 CFAE chun neamh-infheidhmeacht an ghnímh sin a agairt os comhair na Cúirte Breithiúnais.

73. Sa chás seo, is léir ó mhíreanna 84 go 92 den bhreithiúnas atá faoi achomharc gur dhiúltaigh an Chúirt Ghinearálta don phléadáil neamhdhleathachta a ardaíodh i gcoinne Airteagal 2(1)(g) de Chinneadh 2014/145, arna leasú, agus í den tuairim, go bunúsach, go bhfuil gaolmhaireacht dhíreach idir díriú ar phríomhdhaoine gnó lena mbaineann an fhoráil sin agus cuspóir na mbeart sriantach atá faoi cheist sa chás seo. Go sonrach, thug an Chúirt Ghinearálta faoi deara go bhfuil coinníollacha sa chritéar dá bhforáiltear in Airteagal 2(1)(g) de Chinneadh 2014/145, arna leasú, a bhaineann le hiompar pearsanta na ndaoine lena mbaineann, eadhon a dtionchar, mar gheall ar a ngníomhaíochtaí eacnamaíocha in earnálacha áirithe, rud a fhágann gur féidir nasc leordhóthanach a bhunú idir na daoine sin agus Rialtas Chónaidhm na Rúise.

74. De réir chásdlí socair na Cúirte Breithiúnais, ní mór do chúirteanna an Aontais, ina n-athbhreithniú breithiúnach ar bhearta sriantacha, lánrogha leathan a thabhairt don Chomhairle maidir leis na critéir ghinearálta a bhunú lena sainítear an chatagóir daoine a d'fhéadfaí a chur faoi réir na mbeart sin.[38] Is é is cúis leis sin go coitianta, cé go dtugtar dlínse le hAirteagal 24(1) CAE agus an dara mír d'Airteagal 275 CFAE, de mhaolú, do Chúirteanna an Aontais sa réimse sonrach sin den chomhbheartas eachtrach agus slándála (CBES), ní féidir leis na cúirteanna sin teacht in ionad na roghanna polaitiúla nó straitéiseacha a dhéanann an Chomhairle agus bearta sriantacha á nglacadh aici.[39] Mar sin, tá teorainn leis an leibhéal grinnscrúdaithe is féidir le Cúirteanna an Aontais a chur i bhfeidhm agus a n-athbhreithniú breithiúnach á dhéanamh acu.[40]

75. Mar sin féin, ní chiallaíonn sé sin go gceadaítear don Chomhairle gníomhú ar bhealach treallach. Murach sin, bhainfí a éifeachtacht den mhaolú dá bhforáiltear in Airteagal 24(1) CAE agus i mír 2 d'Airteagal 275 CFAE.[41] De réir chásdlí socair na Cúirte Breithiúnais, ní mór athbhreithniú a dhéanamh ar dhlíthiúlacht birt i bhfianaise phrionsabal na comhréireachta,[42] rud a chiallaíonn go bunúsach nach féidir difear a dhéanamh dá dhlíthiúlacht ach amháin más léir go bhfuil an beart míchuí ag féachaint don chuspóir atá á shaothrú ag an institiúid inniúil.[43]

76. I ndáil leis sin, ba mhaith liom a mheabhrú, ar an gcéad dul síos, go raibh an deis ag an gCúirt Bhreithiúnais cheana féin, ina cásdlí, critéar a ceapadh i dtéarmaí atá cosúil leis an gceann atá i gceist anseo a fhormhuiniú. Déanaim tagairt do bhreithiúnas an 9 Iúil 2020, *Haswani* v *an Chomhairle* (C-241/19 P, EU:C:2020:545),[44] a bhain leis na critéir a leagtar síos in Airteagal 27(2)(a) agus Airteagal 28(2)(a) de Chinneadh 2013/255/CBES,[45] ina leagan arna leasú le Cinneadh (CBES) 2015/1836.[46] Leis na forálacha sin, chuir an Chomhairle cosc ar dhul isteach i gcríocha na mBallstát, agus reoigh sí na cistí agus na hacmhainní eacnamaíocha uile ar le 'príomhdhaoine gnó atá ag feidhmiú sa tSiria' iad, i gcomhthéacs an cur faoi chois le foréigean a baineadh do phobal sibhialta na tíre sin.

[38] Féach, *inter alia*, breithiúnas an 7 Aibreán 2016, *Akhras* v *an Chomhairle* (C-193/15 P, EU:C:2016:219, mír 51 agus an cásdlí a luaitear).

[39] Féach, chuige sin, breithiúnas an 25 Meitheamh 2020, *VTB Bank* v *an Chomhairle* (C-729/18 P, EU:C:2020:499, mír 61 agus an cásdlí a luaitear). Féach freisin, maidir leis sin, breithiúnas an 10 Meán Fómhair 2024, *KS agus páirtithe eile* v *an Chomhairle agus páirtithe eile* (C-29/22 P agus C-44/22 P, EU:C:2024:725, mír 115 go mír 118).

[40] Féach breithiúnas an 18 Iúil 2013, *an Coimisiún agus páirtithe eile* v *Kadi* (C-584/10 P, C-593/10 P agus C-595/10 P, EU:C:2013:518, mír 119), ónar léir nach féidir athbhreithniú iomlán a dhéanamh ach amháin ar chritéir liostaithe aonair.

[41] Féach, de réir analaí, breithiúnas an 10 Meán Fómhair 2024, *KS agus páirtithe eile* v *an Chomhairle agus páirtithe eile* (C-29/22 P agus C-44/22 P, EU:C:2024:725, mír 73).

[42] Féach, chuige sin, breithiúnas an 13 Márta 2025, *PKK* v *an Chomhairle* (C-44/23 P EU:C:2025:181, mír 134).

[43] Féach, *inter alia*, breithiúnas an 1 Márta 2016, *National Iranian Oil Company* v *an Chomhairle* (C-440/14 P, EU:C:2016:128, mír 77).

[44] 'An breithiúnas in *Haswani*'.

[45] Cinneadh ón gComhairle an 31 Bealtaine 2013 maidir le bearta sriantacha i gcoinne na Siria (IO 2013 L 147, lch. 14).

[46] Cinneadh ón gComhairle an 12 Deireadh Fómhair 2015 lena leasaítear Cinneadh 2013/255/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne na Siria (IO 2015 L 266, lch. 75).

77. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara, ina breithiúnas, gur chuir an Chúirt Bhreithiúnais in iúl, i bhfianaise aithris 5 de Chinneadh 2013/255, arna leasú, [47] go raibh geilleagar na Siria á rialú go dlúth ag réimeas na Siria agus go raibh caidreamh idirspleáchais bunaithe ag an bpobal gnó agus ag an réimeas sin. Laistigh den chreat sin, ní raibh caidre inmheánach na bpríomhdhaoine gnó a bhí ag feidhmiú sa tSiria in ann a stádas a choimeád ach trí dhlúthcheangal a bheith aige le réimeas na Siria. Dá bharr sin, ba leor baint a bheith ag daoine leis an gcatagóir sin daoine chun na bearta riachtanacha a dhéanamh, gan aon ghá a bheith ann fianaise a sholáthar maidir leis an nasc idir bheith ina phríomhdhuine gnó agus réimeas na Siria. [48]

78. Mar sin féin, tugaim faoi deara, in ainneoin na foclaíochta comhchosúla a bhaineann leo, go bhfuil difríocht thábhachtach ag baint le cur i bhfeidhm an chritéir a leagtar síos le hAirteagal 2(1)(g) de Chinneadh 2014/145, arna leasú, i gcomparáid leis an gcritéar atá i gCinneadh 2013/255, arna leasú. Go deimhin, i gcás na mbeart sriantach a glacadh tar éis an ionsaithe a rinne fórsaí armtha na Rúise ar an Úcráin, ní dhéantar tagairt le liostú na bpríomhdhaoine gnó do chaidreamh idirspleáchais atá ann cheana idir pobal gnó Chónaidhm na Rúise agus réimeas na tíre sin. Ní dhírítear ar na daoine gnó sin i ndáiríre mar gheall ar an dlúthcheangal atá acu le ceannaireacht pholaitiúil na Rúise, ach mar gheall ar a ngníomhaíocht ghnó in earnáil eacnamaíoch lena soláthraítear foinse shuntasach ioncaim do Rialtas Chónaidhm na Rúise. [49]

79. Dá bhrí sin, beidh ar an gCúirt Bhreithiúnais cinneadh a dhéanamh an féidir seasamh leis an gcritéar atá in Airteagal 2(1)(g) de Chinneadh 2014/145, arna leasú, sna himthosca sin. Go sonrach, beidh ar an gCúirt scrúdú a dhéanamh ar an féidir a mheas go bhfuil an critéar sin dleathach in éagmais oibleagáid ar an gComhairle a léiriú, sa chéad áit, nasc díreach nó indíreach idir an duine an ndírítear air agus gníomhaíochtaí agus beartais Rialtas Chónaidhm na Rúise maidir leis an Úcráin, agus, sa dara háit, iompar sonrach ag an bpríomhdhuine gnó lena mbaineann, seachas an tionchar amháin a d'fhéadfaí a ghníomhaíocht ghairmiúil a imirt ar gheilleagar Chónaidhm na Rúise agus, mar sin, ar an ioncam a fhaigheann Rialtas Chónaidhm na Rúise.

80. Maidir leis an gcéad cheann de na ceisteanna sin, ba mhaith liom aird na Cúirte Breithiúnais a tharraingt ar a breithiúnas an 1 Márta 2016, *National Iranian Oil Company* v *an Chomhairle* (C-440/14 P, EU:C:2016:128), inar sheas sí le critéar liostaithe lena ndírítear ar dhaoine nó ar eintitis nár theastaigh cruthúnas uathu maidir le nasc díreach nó indíreach iarbhír le leathadh núicléach dá dtagraítear sa tacar sin de bhearta sriantacha. Ina breithiúnas, mheas an Chúirt Bhreithiúnais, go bunúsach, go bhféadfaí, fiú in éagmais nasc den sórt sin, na daoine agus na heintitis sin a liostú ós rud é go raibh siad in ann leathadh núicléach a spreagadh trí acmhainní nó saoráidí de chineál ábhartha, airgeadais nó lóistíochta a chur ar fáil do Rialtas na hIaráine. [50]

81. I mo thuairimse, tá forais láidre ann chun ráitis na Cúirte Breithiúnais roimhe seo a chur i bhfeidhm maidir leis an gcás seo. Tar éis an mhéid sin uile, mar a d'áitigh mé i mo Thuairim in *Timchenko* v *an Chomhairle* (C-703/23 P, EU:C:2025:274,mír 52), is é an *ratio decidendi* taobh thiar den chásdlí sin deireadh a chur leis na gníomhaíochtaí a ndírítear orthu leis na bearta sin trí na hacmhainní airgeadais atá ar fáil chun na críche sin a laghdú, gan beann ar a dtionscnamh agus,

[47] Is ionann ábhar aithris 5 de Chinneadh 2013/255, arna leasú, agus ábhar aithris 6 de Chinneadh 2015/1836.

[48] An breithiúnas in *Haswani*, mír 66, mír 69 agus mír 70.

[49] Níor bunaíodh critéar liostaithe bunaithe ar an gcaidreamh comhleasa agus comhthacaíochta idir príomhdhaoine gnó agus Rialtas Chónaidhm na Rúise ach mar thoradh ar an leasú ar Chinneadh 2014/145 le Cinneadh (CBES) 2023/1094 ón gComhairle an 5 Meitheamh 2023 (IO 2023 L 146, lch. 20). Ar ndóigh, níl feidhm ag an gcritéar sin maidir leis an gcás seo *ratione temporis*.

[50] Breithiúnas an 1 Márta 2016, *National Iranian Oil Company* v *an Chomhairle* (C-440/14 P, EU:C:2016:128, mír 80 agus mír 81).

go háirithe, an bhfuil nasc ann idir an duine a ndírítear air agus gníomhaíochtaí agus beartais an rialtais lena mbaineann. Sa chás seo, tá gníomhaíochtaí eacnamaíocha na bpríomhdhaoine gnó a ndírítear orthu leis na bearta sriantacha atá faoi cheist anseo ríthábhachtach chun buiséad Rialtas Chónaidhm na Rúise a mhaoiniú. Mar sin, ní bhaineann sé le hábhar an bhfuil baint dhíreach nó indíreach ag na daoine gnó sin leis an rialtas sin nó le gníomhaíochtaí agus beartais an rialtais maidir leis an Úcráin.

82. Maidir leis an dara ceist, tá argóint an achomharcóra bunaithe ar an toimhde gur bhain cásdlí na Cúirte Breithiúnais go dtí seo le cásanna inar spreagadh le iompar pearsanta an duine a ndírítear air é a chur ar liostaí na ndaoine nó na n-eintiteas atá faoi réir bearta sriantacha, ar réamhriachtanas é an t-iompar sin chun an staid a bhfuiltear ag iarraidh aghaidh a thabhairt air leis na bearta sin a shannadh dó. Sonraíonn an t-achomharcóir nár sheas an Chúirt Bhreithiúnais riamh le critéar liostaithe ar bhonn stádas gairmiúil an duine lena mbaineann amháin, eadhon daoine gnó in earnálacha eacnamaíocha brabúsacha.

83. Ní mór dom a chur in iúl, fiú dá nglacfaí leis go raibh barúlacha an achomharcóra ceart, nach gciallaíonn sé sin ann féin nach mór critéar liostaithe nach gceanglaítear leis iompar pearsanta ar thaobh na ndaoine a ndírítear orthu, chun críoch a liostaithe, a mheas mar chritéar mídhleathach *per se*. Tar éis an mhéid sin uile, mar a tugadh chun cuimhne i mír 74 den Tuairim seo, tá lánrogha leathan ag an gComhairle maidir le sainmhíniú ginearálta agus teibí na gcritéar agus na nósanna imeachta dlíthiúla chun bearta sriantacha a ghlacadh, rud a chiallaíonn nach ceart ach beart atá míchuí go follasach i ndáil leis an gcuspóir atá an Chomhairle ag iarraidh a shaothrú a chur ar ceal.

84. I ndáil leis sin, ba cheart dom a thabhairt faoi deara, mar réamhbharúil, nach gcaitheann an t-achomharcóir amhras ar dhlisteanacht an chuspóra a shaothraítear leis an gcritéar a leagtar síos le hAirteagal 2(1)(g) de Chinneadh 2014/145, arna leasú, cuspóir a shainaithin an Chúirt Ghinearálta i mír 89 den bhreithiúnas atá faoi achomharc mar chuspóir lena méadófar an brú ar Chónaidhm na Rúise agus an costas a bhaineann le gníomhaíochtaí Chónaidhm na Rúise chun an bonn a bhaint d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus chun réiteach síochánta ar an ngéarchéim a chur chun cinn.[51] Ná ní chaitheann an t-achomharcóir amhras ar ráiteas na Cúirte Ginearálta go bhfuil an cuspóir sin i gcomhréir leis an gcuspóir an tsíocháin agus an tslándáil idirnáisiúnta a chaomhnú, i gcomhréir le cuspóirí ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais Eorpaigh a leagtar amach in Airteagal 21 CAE. Ach mar sin féin, déanann sé agóid i gcoinne a iomchuí atá sé príomhdhaoine gnó dá dtagraítear in Airteagal 2(1)(g) de Chinneadh 2014/145, arna leasú, a liostú mar bhealach chun na cuspóirí sin a bhaint amach.

85. Measaim, áfach, gur cheart diúltú d'argóint an achomharcóra ar na cúiseanna seo a leanas.

86. Ar an gcéad dul síos, mar a mhínigh mé cheana féin sa chéad chuid den Tuairim seo, is féidir díriú ar phríomhdhaoine gnó mar gheall ar a ngníomhaíocht ghairmiúil i bpríomhearnálacha gheilleagar na Rúise, a mhéid atá dlúthnasc idir toradh na ngníomhaíochtaí sin agus maoiniú bhuiséad Rialtas Chónaidhm na Rúise. Go bunúsach, fágtar le forchur na mbeart sriantach go bhfuil sé níos deacra dóibh a ngníomhaíochtaí a dhéanamh, rud lena bhféadfaí dochar a dhéanamh do gheilleagar na Rúise[52] agus, mar sin, a rannchuidítear le costais an fhogha mhíleata faoin Úcráin a mhéadú. Mar sin, bhí sé de cheart ag an gCúirt Ghinearálta a chinneadh, i mír 91 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, go bhfuil gaolmhaireacht réasúnach idir díriú ar

[51] Féach mír 47 den Tuairim seo freisin.

[52] Féach, maidir leis sin agus de réir analaí, breithiúnas an 5 Meán Fómhair 2024, *GM agus ON* (C-109/23, EU:C:2024:681, mír 54), agus mo Thuairim sa chás sin (C-109/23, EU:C:2024:307, mír 76).

phríomhdhaoine gnó atá ag feidhmiú in earnálacha eacnamaíocha lena soláthraítear ioncam suntasach do Rialtas Chónaidhm na Rúise agus cuspóir na mbeart sriantach atá faoi cheist, eadhon brú a chur ar Rialtas Chónaidhm na Rúise deireadh a chur leis an bhfogha sin.

87. Thairis sin, mar fhreagra ar ghearán an achomharcóra nach gcinntear go sonrach le hAirteagal 2(1)(g) de Chinneadh 2014/145, arna leasú, na hearnálacha is earnálacha lena soláthraítear ioncam suntasach do Rialtas Chónaidhm na Rúise, ní mór a shonrú go dtagann foirmliú an natha sin faoin lánrogha leathan atá ag an gComhairle freisin agus na critéir ghinearálta a bhfuil feidhm acu i gcóras beart sriantach á sainiú. D'fhéadfadh cur i bhfeidhm an choincheapa atá san nath sin maidir le cás sonrach a chinneadh ar bhonn cás ar chás ar an mbonn go bhfuil an measúnú sin faoi réir athbhreithniú ag Cúirteanna an Aontais, arb amhlaidh atá sa chás seo.[53] Ina theannta sin, contrártha le hargóintí an achomharcóra, ní mheasaim go ndéanann easpa cinnidh in Airteagal 2(1)(g) de Chinneadh 2014/145, arna leasú, maidir leis na hearnálacha eacnamaíocha lena mbaineann an fhoráil sin, prionsabal na deimhneachta dlíthiúla a shárú. Tar éis an tsaoil, tríd an nath 'earnálacha lena soláthraítear ioncam suntasach do Rialtas Chónaidhm na Rúise' a úsáid, leagtar amach le hAirteagal 2(1)(g) de Chinneadh 2014/145, arna leasú, gnéithe atá sonrach go leor chun na cásanna ina bhféadfar an nath sin a chur i bhfeidhm a aithint, i gcomhréir, dá bhrí sin, leis na ceanglais a bunaíodh le cásdlí socair na Cúirte Breithiúnais.[54]

88. Ar an dara dul síos, mar a cheanglaítear le cásdlí na Cúirte,[55] ba cheart an comhthéacs inar glacadh an cinneadh sin a chur san áireamh go cuí sa mheasúnú ar oiriúnacht Airteagal 2(1)(g) de Chinneadh 2014/145, arna leasú. I ndáil leis sin, iarraim ar an gCúirt aird a thabhairt ní hamháin ar na himthosca urghnácha atá ag teacht chun cinn inar glacadh na bearta sriantacha atá faoi cheist, ach freisin ar na héifeachtaí carnacha a raibh sé beartaithe na bearta uile a achtaíodh i gcoinne Chónaidhm na Rúise tar éis a hionsaithe ar an Úcráin a úsáid ó dhearcadh foriomlán.

89. Maidir leis sin, ní mór a thabhairt faoi deara, sa chéad áit, gur glacadh na bearta sriantacha atá faoi cheist i gcomhthéacs urghnách fíorpháinne, dá dtagraítear in aithrisí 3 go haithris 10 de Chinneadh 2022/329. Bhí na bearta sin ina gcuid dhílis de phacáiste beart, a raibh raon feidhme acu nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo, a ghlac an Chomhairle ar bhealach tapa, aontaithe, céimnithe agus comhordaithe.[56] Mar a thug an Chomhairle faoi deara, mar is ceart, ag an éisteacht, d'fhreagair an tAontas Eorpach go láidir do shárú oibleagáidí a forchuireadh *erga omnes* leis an dlí idirnáisiúnta chun cur i gcoinne fhogha míleata Chónaidhm na Rúise faoin Úcráin,[57] agus úsáid á baint chun na críche sin as na bearta uile atá ar fáil dó nach raibh úsáid fornirt i gceist leo.

90. Sa dara háit, cuirtear in iúl go soiléir in aithris 5 de Chinneadh 2022/329, de réir na Comhairle, go mbeadh iarmhairtí ollmhóra agus costais thromchúiseacha ag aon ionsaí míleata a dhéanfadh Cónaidhm na Rúise ar an Úcráin, lena n-áirítear réimse leathan beart sriantach earnálach agus

[53] Maidir leis sin, ní mór dom a thabhairt faoi deara freisin, trína cheathrú foras achomhairc, go ndiúltaíonn an t-achomharcóir go bunúsach gur earnáil eacnamaíoch í an earnáil eacnamaíoch ina n-oibríonn sé lena soláthraítear foinse shuntasach ioncaim do Rialtas Chónaidhm na Rúise. Ní thagann an measúnú sonrach sin, áfach, faoi raon feidhme na hiarrata a rinne an Chúirt maidir leis an Tuairim seo agus, dá bharr sin, ní chumhdaítear é le m'anailís.

[54] Féach, chuige sin, breithiúnas an 4 Deireadh Fómhair 2024, *an Liotuáin agus páirtithe eile* v *an Pharlaimint agus an Chomhairle (Pacáiste Soghluaisteachta)* (C-541/20 go C-555/20, EU:C:2024:818, mír 159 agus an cásdlí dá dtagraítear).

[55] Féach breithiúnas an 1 Márta 2016, *National Iranian Oil Company* v *an Chomhairle* (C-440/14 P, EU:C:2016:128, mír 78).

[56] Féach breithiúnas an 27 Iúil 2022, *RT France* v *an Chomhairle* (T-125/22, EU:T:2022:483, mír 87), inar tháinig Mór-Dhlísheomra na Cúirte Ginearálta ar chinneadh den chineál céanna.

[57] A mhéid a bhaineann le sárú den sórt sin a bheith ann, féach Rún an 2 Márta 2022, dar teideal 'Aggression against Ukraine' (A/ES-11/L.1), ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe.

aonair a ghlacfaí i gcomhar le comhpháirtithe. Dá bhrí sin, tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara, go mbraitheann oiriúnacht na mbeart sriantach atá faoi cheist ní hamháin ar a n-éifeacht ar ghrúpa aonair daoine aonair, amhail na príomhdhaoine gnó lena mbaineann Airteagal 2(1)(g) de Chinneadh 2014/145, arna leasú, ach ar éifeacht charnach na mbeart uile arna nglacadh ag an gComhairle chun bonn eacnamaíoch na Rúise a lagú agus chun an bonn a bhaint de chumas Chónaidhm na Rúise leanúint den chogadh a mhaoiniú agus a fhearadh.

91. Dá bhrí sin, leis an gcritéar atá in Airteagal 2(1)(g) de Chinneadh 2014/145, arna leasú, mar aon leis an gcomhthéacs inar glacadh na bearta sin agus tromchúis ar leith an cháis mar a chuir an Chomhairle i dtábhacht i gCinneadh 2022/329, tacaítear leis an gcinneadh nach bhfuil na bearta sriantacha arna nglacadh i gcoinne príomhdhaoine gnó míchuí go follasach i ndáil lena gcuspóir.

92. Dá réir sin, táim den tuairim nár cheart a dhearbhú go bhfuil an critéar atá in Airteagal 2(1)(g) de Chinneadh 2014/145, arna leasú, neamhdhleathach.

93. Thairis sin, tá an cinneadh sin, i mo thuairim féin, i gcomhréir le mír 92 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, inar mheas an Chúirt Ghinearálta, mar a léiríodh cheana féin, go bhfuil coinníollacha in Airteagal 2(1)(g) de Chinneadh 2014/145, arna leasú, a bhaineann le hiompar pearsanta na ndaoine lena mbaineann. Go deimhin, leis an ráiteas sin, déanann an Chúirt Ghinearálta tagairt d'iompar na ndaoine sin agus dá dtionchar ar na hearnálacha eacnamaíocha ina n-oibríonn siad, agus ní dhéanann sí tagairt d'iompar ná do thionchar sonrach ar Rialtas Chónaidhm na Rúise ná do nasc leis an réimeas lena rialaítear an tír sin.

94. Maidir leis an gcuid eile, a mhéid a shonraíonn an t-achomharcóir go bhfuil sé deacair a fháil amach conas ba cheart do dhaoine liostaithe gníomhú chun nach liostófar iad nó chun iad a dhíliostú, tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go bhféadfar daoine gnó tábhachtacha a dhíliostú más féidir leo a léiriú gur fhág siad an post a bhí mar bhonn lena liostú. Arís, cé go bhféadfaí post den sórt sin údar a thabhairt leis an liostú tosaigh, ní féidir a bheith mar thoradh air go socrófar cás an duine lena mbaineann in am agus go mbainfí aon éifeacht úsáideach den athbhreithniú tréimhsiúil, ach amháin más féidir leis an gComhairle fós riosca imchéimnithe a léiriú, ar saincheist í nach n-ardaítear go sonrach sa chás seo.

95. I bhfianaise na mbreithnithe roimhe seo, molaim go gcinnfeadh an Chúirt Bhreithiúnais nach féidir le haon cheann de na hargóintí a chuir an t-achomharcóir chun cinn a léiriú go ndearna an Chúirt Ghinearálta earráid nuair a mheas sí gur ghá diúltú don phléadáil neamhdhleathachta a ardaíodh i gcoinne Airteagal 2(1)(g) de Chinneadh 2014/145, arna leasú, faoi Airteagal 277 CFAE.

96. Dá bhrí sin, ba cheart diúltú don dara cuid den tríú foras achomhairc.

## V. Conclúid

97. I bhfianaise na hanailíse a leagtar amach sa Tuairim seo, molaim go ndíbhfeadh an Chúirt Bhreithiúnas don achomharc maidir leis an gceathrú cuid den chéad fhoras achomhairc agus an dara agus an tríú foras achomhairc, a mhéid a bhaineann siad le léiriú Airteagal 2(1)(g) de Chinneadh 2014/145, arna leasú, agus leis an bpléadáil neamhdhleathachta a d'ardaigh an t-achomharcóir ag an gcéad chéim faoi Airteagal 277 CFAE.

98. Ní thugaim aon bharúil i ndáil leis an gcuid eile de na forais achomhairc arna dtíolacadh ag an achomharcóir, ná maidir leis an bpáirtí ar cheart a ordú dó na costais a íoc de bhun Airteagal 184(2) de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais.